

XX/XX/2022

Maidir le: Cuireadh chun agallaimh

XXXXX, a chara,

Go raibh maith agat as iarratas a dhéanamh ar fholúntas múinteoireachta i nGaelscoil XXXXX. Tá an-éileamh ar an bhfolúntas seo agus is cúis áthais dúinn cuireadh a thabhairt duit dul faoi chianagallamh ag 3pm ar an 28 Bealtaine.

Beidh an t-agallamh beo ar Zoom agus beidh cuireadh don chruinniú Zoom mar aon le seicliosta seolta chugat tar éis an deimhniú ar leathanach 3 a sheoladh ar ais chugainn. Tá eolas breise agus deimhniú maidir le cianagallaimh ar leathanach 3 freisin. Bheinn buíoch díot glacadh nó diúltiú le do chuireadh chun agallaimh trí ríomhphost a sheoladh ar ais chugainn le leathanach 3 den litir seo sínithe le dáta roimh 5pm ar an 25 Bealtaine le do thoil.

Má tá aon riachtanais rochtana nó eile agat, bheinn buíoch ach an méid sin a chur in iúl sa ríomhphost.

Beimid ag díriú ár n-aird san agallamh ar na critéir ar an gcéad leathanach eile.

Beimid ag súil le bualadh leat ar an lá.

Le meas,

XXXXX

Cathaoirleach an Bhoird

## Critéir don Agallamh

### 1. Cáilíochtaí don phost

Cáilíochtaí gairmiúla, cúrsaí breise, taithí múinteoireachta

### 2. Gaeloideachas

Tuiscint ar an nGaelscolaíocht, Múinteoireacht & Curaclam  
Caighdeán Gaeilge

### 3. Pleanáil, Plé le Daltaí, Plé le Tuismitheoirí

Pleanáil ranga, idirdhealú, measúnú, iompar, straitéisí scoile

### 4. Polasaithe, Cosaint Leanaí & Oideachas Speisialta

Tuiscint ar pholasaithe scoile, nósanna imeachta maidir le  
cosaint  
leanaí agus tacú le daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

### 5. Cúrsaí Foirne agus Róil

Cé na róil éagsúla ar scoil, gaol le baill foirne eile, coimhlint,

### 6. Ár scoil féin & Éiteas na Scoile

Tuiscint ar an cineál scoile í, ócáidí a eagrú, tograí a  
bhainistiú,  
Scileanna breise, tacú leis an sainspiorad scoile

Léiriú ag an Agallamh

## Deimhniú don Chianagallamh

Iarrtar ar agallaithe deimhniú a thabhairt go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh agus go dtuigeann siad na pointí seo a leanas maidir le cianagallamh go sonrach.

Is bunphrionsabal chianagallamh ná cothrom na féinne a thabhairt do gach iarrthóir. Mar sin, beidh cianagallaimh ag cloí le gnáthrialacha agallaimh mar atá leagtha amach sa Lámhleabhar Rialachais Do Bhunscoileanna agus i gCiorclán Ábhartha na Roinne.

Is mian liom a dheimhniú go mbeidh mé ag freastal ar an agallamh agus go dtuigimid an pointí seo a leanas:

- Tuigim nach gceadaítear an t-agallamh a thaifeadh.
- Tuigim go bhfuil dualgas iomlán orm a chinntiú go bhfuil rochtain agam ar an mbogearra (Zoom), ar ríomhaire agus ar nasc maith idirlín chun páirt a ghlacadh sa chianagallamh.
- Déanfaidh mé cinnte nach mbeidh aon duine eile sa seomra liom agus nach mbeidh aon rud a d'fhéadfadh cur isteach ar an agallamh sa chúlra.
- Ní bheidh nótaí cabhracha in úsáid san agallamh ar an scáileán ná ar aon bhealach eile.
- Beidh mo ghuthán liom (é ciúin/balbh) ionas go bhféadfadh ball ainmnithe den Choiste Roghnóireachta teagmháil a dhéanamh leo i gcás deacrachtaí teicniúla.
- Murar féidir deacrachtaí teicniúla a shárú go tráthúil, déanfar an t-agallamh a athsceidealú.

Síniú:

Dáta:

Seol an leathanach iomlán seo, sínithe le dáta, mar fhreagra ar an ríomhphost le do thoil.